Mótarbhealach an A5 beartaithe ó thuaidh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhótarbhealach nua atá beartaithe do Thuaisceart Éireann.
Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa ar dtús:

An bhfuil rud ar bith cloiste agat faoin mótarbhealach seo?
An bhfuil áit ar bith in Éirinn, dar leat, a dteastaíonn mótarbhealach uaithi?
An bhfuil an iomarca costais ag baint le dola-dhroichid ar na mótarbhealaí?
Ar cheart cead a thabhairt do dhaoine a bhfuil ceadúnas sealadach acu tiomáint ar an mótarbhealach?

Ceist 2 Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na leaganacha Béarla seo a leanas:
1. The National Roads Authority_____
2. Appeal_____
3. County Council_____
4. Spoke_____
5. Missing/deficit_____
6. Proposal_____
7. Councilor_____
8. Replica/Likeness_____
9. Critical_____
10. Situated_____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

Ceist 4 Cloistear ‘An tAcht um Bóithre Náisiúnta, go minic sa sliocht. Anois déan iarracht na hachtanna seo a aistriú go Gaeilge:

1. European Union Act:
2. Social Welfare and Pensions Act:
3. Broadcasting Act:
4. Control of Exports Act:
5. Health Act:

Ceist 5 Bain triail as na míreanna seo a leanas a bhaineann leis an sliocht.
Tabhair samplaí ón sliocht

1. Canúint Dhún na nGall:
2. Canúint Chonamara:
3. Briathar saor:
4. Briathar saor sa mhodh coinníollach:
5. An Tuiseal Ginideach:

Ceist 6 Luaitear Comhairle Contae Dhún na nGall go minic sa sliocht freisin. Ag obair leis an duine in aice leat, déan iarracht na comhairlí seo a aistriú go Gaeilge:

Cavan County Council:
Clare County Council:
North Tipperary County Council:
Dún-Laoghaire-Rathdown County Council:
Sligo County Council:

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1. The National Roads Authority: An tAcht um Bóithre Náisiúnta
2. Appeal: Achainí
3. County Council: Comhairle Contae
4. Spoke(of wheel):spóca
5. Missing/deficit: in easnamh
6. Proposal: Togra
7. Councilor: Comhairleoir
8. Replica/Likeness: Macasamhail
9. Critical: Criticiúil
10. Situated: Lonnaithe

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4

1 .European Union Act: Acht an Aontais Eorpaigh
2. Social Welfare and Pensions Act: An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean
3. Broadcasting Act: An tAcht Craolacháin
4. Control of Exports Act: An tAcht chun Onnmhairí a rialú
5. Health Act: An tAcht Sláinte

Ceist 5 Glac le freagra ar bith atá feiliúnach

1. Canúint Dhún na nGall: Dhruid
2. Canúint Chonamara: “tíocht” seachas “teacht” a deirtear
3. Briathar saor: Dúradh
4. Briathar saor sa mhodh coinníollach: Dá gcríochnófaí
5. An Tuiseal Ginideach: eacnamaíocht na hÉireann

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola
Dúradh ag cruinniú de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall inniu go raibh poist[1] sa chontae[2] sin i mbaol ó tharla gan mótarbhealach ann a cheanglódh an contae sin leis an gcuid eile den tír. Rinne an tÚdarás Um Bóithre Náisiúnta achainí inniu ar an gComhairle Contae tacú le mótarbhealach nua atá le tógáil i dTuaisceart Éireann a cheanglódh Dún na nGall le Baile Átha Cliath.

Rónán Mac an Iomaire
Mar atá faoi láthair tá mótarbhealaí ag teacht amach as Baile Átha Cliath ag dul chomh fada le Béal Feirste, Port Láirge, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh ach tá spóca mór amháin atá in easnamh ar an roth seo agus ‘sé sin nach bhfuil mótarbhealach ar bith ag tabhairt aghaidh ar an Iarthuaisceart. Chuige sin, tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag tabhairt tacaíochta don mhótarbhealach nua an A5, atá molta le tógáil i dTuaisceart Éireann agus a cheanglódh amach anseo Dún na nGall le Baile Átha Cliath.
Rinne an tÚdarás Um Bóithre Náisiúnta achainí ar Chomhairle Contae Dhún na nGall inniu tacaíocht a thabhairt do thogra an A5 de bharr, a deir said, go raibh tábhacht chriticiúil ag baint leis an togra agus sa mhéid[3] go gceanglófaí Dún na nGall leis an gcuid eile den tír.

An Comhairleoir Pádraig Ó Dochartaigh
Má amharcann tú ar na deacrachtaí móra atá ag comhlachtaí atá lonnaithe i nDún na nGall, sa Ghaeltacht i nDún na nGall, macasamhail Gallachóir a dhruid síos ansin ag tús na seachtaine agus macasamhail na monarchana[4] ar fad atá lonnaithe ar eastáit tionscail Ghaoth Dobhair agus cuid Leitir Ceanainn. Cuireann an luas, an t-am a ghlacann sé dul go Baile Átha Cliath agus go Béal Feirste isteach ar an bhunlíne[5] costais[6] atá ag na comhlachtaí.

Rónán Mac an Iomaire
Tá gearáin go leor déanta ó thuaidh faoin mbóthar nua atá beartaithe, go háirithe ag feirmeoirí atá buartha faoin A5 a bheith ag trasnú a gcuid talún. Deir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta áfach go mbeadh tionchar thar a bheith dearfach ag an mbóthar nua ar eacnamaíocht na hÉireann ar fad. Deir an Comhairle Contae go mbeadh sé i gceist bóthar nua a thógáil idir Leitir Ceanainn agus Doire dá gcríochnófaí amach an A5 nua.
Rónán Mac an Iomaire, Nuacht TG4
Leifear
Contae Dhún na nGall

[1] Postanna a deirtear sa gcaint
[2] sa gcontae a deirtear i gcanúint an léitheora.
[3] Ins an méid
[4] Monarchain a deirtear sa sliocht
[5] Bunlíne a deirtear sa sliocht
[6] Costaisí a deirtear